Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**13857/23**
**COR 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0345(COD)**

**ENV 1087**
**SAN 569**
**COMPET 956**
**CONSOM 348**
**AGRI 592**
**CODEC 1785**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13329/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14223/22 + ADD 1 - COM(2022) 541 final + Annexes |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú)<br>- Cur chuige ginearálta |

In **13857/23 INIT**, léitear aithris 13 ar leathanach 15 mar a leanas:

(13) Beidh impleachtaí ó thaobh costas breise de ag baint leis an gcóireáil cheathartha is gá chun micreathruailleáin a bhaint den fhuíolluisce uirbeach, mar shampla, costas a bhaineann le faireachán agus le hardtrealamh nua atá le suiteáil i ngléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh áirithe. Chun an costas breise sin a chumhdach agus i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, a chuirtear in iúl in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé fíor-riachtanach, maidir leis na táirgeoirí a chuireann ar mhargadh an Aontais táirgí ina bhfuil substaintí a fhaightear, ag deireadh a saolré, mar mhicreathruailleáin i bhfuíolluisce uirbeach (substaintí micreathruaillitheacha'), go nglacfaidh siad an fhreagracht as an gcóireáil bhreise is gá chun na substaintí sin a bhaint, ar substaintí iad a gineadh i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí gairmiúla. Córas freagrachta leathnaithe táirgeora is ea an modh is iomchuí chun é sin a bhaint amach, de bhrí go gcuirfeadh sé teorainn leis an tionchar airgeadais ar an gcáiníocóir agus ar na taraifí

uisce, agus ag an am céanna sholáthrófaí dreasacht leis chun táirgí níos glaise a fhorbairt. **Sa chomhthéacs sin, ba cheart feidhm a bheith ag an bhfreagracht leathnaithe táirgeora beag beann ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an táirge ar an margadh i mBallstát nó i dtríú tír, nó cé acu a monaraíodh nó nár monaraíodh na táirgí, nó a gcomhpháirteanna aonair i mBallstát nó i dtríú tír, […] nó cé acu atá nó nach bhfuil oifig chláraithe ag na táirgeoirí san Aontas Eorpach nó a chuirtear nó nach gcuirtear an táirge ar an margadh trí ardán digiteach.** Is iad iarmhair na dtáirgí cosmaideacha agus na dtáirgí cógaisíochta príomhfhoinsí na micreathruailleán a fhaightear san fhuíolluisce uirbeach agus óna dteastaíonn cóireáil bhreise (cóireáil cheathartha). Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag freagracht leathnaithe tairgeora maidir leis an dá ghrúpa táirgí sin. **De réir na sonraí atá ar fáil, bheadh an méadú féideartha ar chostais na dtáirgí i ngeall ar chur i bhfeidhm na freagrachta leathnaithe táirgeora, nó an laghdú féideartha ar chorrlaigh bhrabúis na dtionscal a chuireann ar an margadh na táirgí faoi réir freagracht leathnaithe táirgeora, bheadh sé imeallach ar leibhéal an Aontais agus ní chuirfeadh sé inacmhainneacht agus inrochtaineacht na dtáirgí sin ar mhargadh an Aontais i mbaol. Chun na coinníollacha sonracha náisiúnta a chur san áireamh agus an margadh inmheánach Eorpach á chaomhnú agus, i gcás inar gá agus más gá, inrochtaineacht agus inacmhainneacht na dtáirgí cógaisíochta á gcaomhnú san am céanna, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit ceanglais bhreise a fhorchur maidir leis na scéimeanna Freagrachta Leathnaithe Táirgeora. Ba cheart é sin a dhéanamh go háirithe trí nósanna imeachta aitheantais náisiúnta de chuid na n-eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí sula mbunófaí go héifeachtach iad, mar a thagraítear don méid sin in Airteagal 10, mír 1.**